Gortuithe i measc leanaí scoile na hÉireann

HBSC (IOMPRÍOCHT SLÁINTE i LEANAÍ ag AOIS SCOILE) na hÉIREANN 2002

Bileog Fíricí Taighde 3

An Dr Michal Molcho agus an Dr Saoirse Nic Ghabhainn,
An tIonad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh

Achoimre

Thuairiscigh HBSC Ireland gur gortaíodh 45.8% de leanaí idir 10-18 mbliana d'aois agus gur theastaigh cóir leighis uathu ó dhochtúir nó ó altra uair amháin nó níos mó le dhá mhí dhéag anuas (56.6% de bhuachaillí agus 37.5% de chailíní). Léiríonn an figiúr foriomlán ardú timpeall sé faoin gcéad ó 40% i 1998. Tá céatadán na leanaí a chuireann gortuithe in iúl cuíosach seasmhach i ngach aoisghrúpa buachaillí, agus laghdaíonn sé le haois i measc na gcailíní, ó 38% de chailíní idr 10-11 bhliain d'aois go 36.3% de chailíní idir 15-17 mbliana d'aois. Bíonn dearcadh níos diúltaí den scoil agus siomtóim shómatacha agus mhothúchánacha níos minicí ag leanaí a gortaíodh agus bíonn siad bainteach le bulaíocht níos minicí ná leanaí nár gortaíodh.

Cén fáth a gcuirtear béim ar an ábhar seo?

Cuireann gortuithe agus a n-iarmhairtí le heipidéim chiúin a ghoilleann ar dhaoine óga ar fud an domhain agus is iad na gortuithe agus na hiarmhairtí sin is cúis leis an méid is mó míchumais agus báis i measc leanaí agus ógánach i dtíortha áirithe[3]. Gortuithe is cúis le níos mó ná 70% de bhásanna i measc daoine óga[4] agus ardaíonn baol an ghortaithe go tobann nuair a éiríonn leanaí níos sine[5].

Treochtaí 1998 – 2002

Tá ardú tagtha ar chéatadán na leanaí a thuairiscíonn gur gortaíodh iad agus gur chuir dochtúir nó altra cóir leighis orthu le dhá mhí dhéag anuas, ó 40% i 1998 go 45.8% in 2002. Tá an t-ardú níos suntasaí i measc buachaillí (ó 48.3% go 56.6%) ná i measc cailíní (ó 32.1% go 37.6%) agus tá sé le sonrú sna haoisghrúpaí go léir.

...Gortuithe i measc leanaí scoile na hÉireann



Céatadán gortuithe de réir aoise agus inscne, HBSC 2002

Gortuithe a chur i gComhthéacs

- Tuairiscíonn níos mó leanaí ó aicmí sóisialta níos ísle gortuithe ar theastaigh cóir leighis uathu (aicmí sóisialta 1-2; 43%, aicmí sóisialta 5-6; 48%).
- Is mó an seans go gcaithfidh leanaí a gortaíodh ar a laghad ceithre oíche sa tseachtain lena gcairde i gcomparáid le leanaí nár gortaíodh (46% vs 34%).
- Is mó an seans go ndéarfaidh leanaí a gortaíodh nach dtaitníonn an scoil leo i gcomparáid le leanaí nár gortaíodh (35% vs 28%).
- Is mó an seans go n-aireoidh leanaí a gortaíodh faoi bhrú le hobair scoile i gcomparáid le leanaí nár gortaíodh (38% vs 33%).
- Is mó an seans go dtuairisceoidh leanaí a gortaíodh go bhfuil siomtóim mhotúchánacha (17% vs 12%) agus siomtóim fhisiceacha orthu níos minice (30% vs 20%) ná leanaí nár gortaíodh.
- Is mó an seans go mbeidh leanaí a gortaíodh i mbun bulaíochta ar leanaí eile i gcomparáid le leanaí nár gortaíodh (25% vs 16%).
- Níl gortuithe bainteach le leanaí a bheith ina gcónaí leis an mbeirt tuismitheoirí, le heascaíocht labhairt le tuismitheoirí nó dlúthchara, le bheith sona ná le sláinte mhaith.

...Gortuithe i measc leanaí scoile na hÉireann



Céatadán na leanaí 15 bliana d'aois a dúirt gur gortaíodh iad agus gur theastaigh cóir leighis uathu sa 12 mhí roimhe sin, de réir tíre

Idirnáisiúnta

Áirítear leanaí Éireannacha cúig bliana déag d'aois (idir bhuachaillí agus chailíní) sa cheathrú háit déag as 35 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, agus 47% ag tuairisciú gur gortaíodh iad agus gur theastaigh cóir leighis uathu. San iomlán, tuairiscíonn 46% de leanaí Éireannacha aon bhliain déag d'aois (san fhichiú háit) agus 47% de leanaí Éireannacha trí bliana déag d'aois (sa naoú háit déag), gur gortaíodh iad ar a laghad uair amháin le dhá mhí dhéag anuas.

Impleachtaí

Tá céatadán na ndaoine óga in Éirinn a thuairiscigh gur gortaíodh iad agus go bhfuair siad cóir leighis ó dhochtúir nó altra ar a laghad uair amháin le dhá mhí dhéag anuas ardaithe ó 1998; tuairiscíonn beagnach leath de leanaí scoile go raibh seo amhlaidh ina gcás féin. Mar gheall ar an gcostas sách ard atá ar chóir leighis in Éirinn, meastar nach lorgaíonn gach leanbh a ghortaítear cóir leighis. Léiríonn na torthaí a chuirtear ar fáil anseo go bhfuil gortuithe bainteach le torthaí diúltacha sláinte eile ar nós go leor siomtóim mhothúchánacha agus fhisiceacha, chomh maith le bulaíocht agus dearcadh níos diúltaí ar an scoil. Ag tabhairt scóip na faidhbe san áireamh, teastaíonn níos mó airde a thabhairt ar na suímh agus ar na gníomhaíochtaí ina bhfuil féidearthacht níos airde go ngortófaí leanaí agus cláir chuí chun gortuithe a chosc a chur i bhfeidhm.

...Gortuithe i measc leanaí scoile na hÉireann

Tagairtí

1. Currie, C., Samdal, O., Boyce, W. & Smith, R. (eagí.) (2001). *Health behaviour in school-aged children: a WHO cross-national study (HBSC): research protocol for 2001/2002 survey.* Dún Éideann: CAHRU, Ollscoil Dhún Éideann.

2. Currie, C., Roberts, C., Morgan, A., Smith, R., Settertobulte, W., Samdal, O. & Barnakov-Rasmussen, V. (eagí.) (2004). *Young people's health in context.* Health Policy for Children and Adolescent No. 4. Cóbanhávan: WHO-Europe.

3. WISQARAtm (Web-based Injury Statistics Query and Reporting System) [bunachar sonraí ar líne] (2004). Atlanta, GA, National Center for Injury Prevention and Control, Centers for Disease Control and Prevention (http://www.cdc.gov/ncipc/wisqars, rochtain faighte an 4 Deireadh Fómhair 2005).

4. Institute of Medicine Committee on Injury Prevention and Control (1999). *Reducing the burden of injury: advancing prevention and treatment.* Washington DC: National Academy of Science.

5. Lescohier I. & Scavo-Gallagher, S. (1996). Unintentional Injury. In R.J. DiClemente, W.B. Hanson & L.E. Ponton (eagí). *Handbook of adolescent health risk behaviour.* Nua-Eabhrac: Plenum Press.

Staidéar taighde is é an Iompraíocht Sláinte Leanaí na hÉireann a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde [1,2] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (Eoraip) agus a chomhordaigh an Dr Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2002, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 8,424 leanbh Éireannach ó scoileanna éagsúla ar fud na tíre.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.hbsc.org, ag www.nuigalway.ie/hbsc agus ag www.hbsc.org/countries/ireland.html

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad um Chothú Sláinte sa Roinn Sláinte agus Leanaí. Fuarthas cúnamh deontais ón mBord Taighde Sláinte chun an bhileog fíricí seo a chur le chéile. Bhí HBSC na hÉireann ina chuid de Shuirbhéanna Náisiúnta Sláinte agus Nós Maireachtála a stiúraigh an tOllamh Cecily Kelleher. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na leanaí, na múinteoirí agus na scoileanna ar fad a ghlac páirt sa suirbhé agus aitheantas a thabhairt don méid a rinne ár gcomhghleacaithe san Ionad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Táimid fíorbhuíoch d'Oifig an Aistriúcháin in OÉG as an obair aistriúcháin ar fad a rinneadh.